**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/871 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 30 Aibreán 2025**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 a mhéid a bhaineann le foilsiú tagairtí do Dhoiciméid um Measúnú Eorpach le haghaidh scragaill inslithe mar bhacainn in aghaidh substaintí atá ábhartha maidir le cáilíocht an aeir faoi dhíon agus scragaill de bhunús teireataláite poileitiléine a bhfuil bratú orthu le haghaidh aonaid ghloine inslithe agus táirgí foirgníochta eile**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle ([1]), agus go hairithe Airteagal 22 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, tar éis iarrataí ó mhonaróirí ar Mheasúnuithe Teicniúla Eorpacha, ghlac eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil 14 Dhoiciméad um Measúnú Eorpach.

(2) Is leis na tagairtí seo a leanas le haghaidh táirgí foirgníochta a bhaineann na Doiciméid um Measúnú Eorpach a ghlac eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil:

— scragaill inslithe mar bhacainn in aghaidh substaintí atá ábhartha maidir le cáilíocht an aeir faoi dhíon;

— scragaill de bhunús teireataláite poileitiléine a bhfuil bratú orthu le haghaidh aonaid ghloine inslithe;

— cineálacha sceo polaiméireach greamaitheacha lena n-úsáid ar ghloine i bhfoirgnimh;

— painéil inslithe folúis le sraitheanna cosanta curtha i bhfeidhm sa mhonarcha (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil ‘EAD 040011-00-1201’);

— cláir arna dtáthú le mianraí agus atá déanta as sliseanna adhmaid;

— mataí nádúrtha corcbhunaithe atá le húsáid le haghaidh insliú teirmeach agus insliú fuaime tuairte;

— táirge inslithe theirmigh hidrifileach atá déanta as olann charraige le haghaidh coinneáil uisce i ndíonta glasa agus feidhmeanna comhchosúla;

— adhmad soladach struchtúrtha méarshiúntáilte, fliuchghliúáilte, fuarghliúáilte nó fliuchghliúáilte agus fuarghliúáilte (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil ‘EAD 130089-00-0304’);

— dúnphoill agus caipíní cinn le haghaidh córais coinneála uisce stoirme dromchla;

— leatháin ríthanaí veiníre cloiche nádúrtha i gcomhair bailchríocha do bhallaí inmheánacha agus seachtracha agus do chlúdaigh dín;

— ceanglóirí biotúmain atá modhnaithe le rubar;

— meascán laghdaithe craptha le haghaidh coincréite;

— athraitheach: Ancairí plaisteacha le haghaidh córais iomarcacha neamhstruchtúracha lena n-úsáid i gcoincréit agus saoirseacht atá neamhchosanta ar dhóiteán;

— córais réamhdhéanta ithreach agus bacainní uisce atá déanta as clóiríd pholaivinile.

(3) Na Doiciméid um Measúnú Eorpach a ghlac eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil, comhlíonann siad na

([1]) IO L 88, 4.4.2011, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/305/oj.

ceanglais atá le comhlíonadh maidir leis na buncheanglais i leith oibreacha foirgníochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na Doiciméid sin um Measúnú Eorpach a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(4) Is de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 ón gCoimisiún [2] a fhoilsítear an liosta tagairtí do Dhoiciméid um Measúnú Eorpach le haghaidh táirgí foirgníochta. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart tagairtí do Dhoiciméid nua um Measúnú Eorpach a chur leis an liosta sin.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 a leasú dá réir.

(6) Chun bheith in ann na Doiciméid um Measúnú Eorpach a úsáid a luaithe is féidir ionas gur féidir leis na monaróirí a bhfuil Measúnú Teicniúil Eorpach acu cheana a dtáirge a chur ar an margadh, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Aibreán 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Thar ceann an Uachtaráin*
Kerstin JORNA
*Ard-Stiúrthóir*
*An Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna*

---

(2) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 ón gCoimisiún an 19 Márta 2019 maidir le foilsiú na nDoiciméad um Measúnú Eorpach le haghaidh táirgí foirgníochta arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 77, 20.3.2019, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/450/oj).

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na rónna seo a leanas isteach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 in ord seicheamhach de réir ord na n-uimhreacha tagartha:

| | |
|---|---|
| ‘030310-00-0605 | Scragaill inslithe mar bhacainn in aghaidh substaintí atá ábhartha maidir le cáilíocht an aeir faoi dhíon’ |
| ‘030684-00-0404 | Scragaill de bhunús teireataláite poileitiléine a bhfuil bratú orthu le haghaidh aonaid ghloine inslithe’ |
| ‘030927-00-0404 | Cineálacha sceo polaiméireach greamaitheacha lena n-úsáid ar ghloine i bhfoirgnimh’ |
| ‘040011-01-1201 | Painéil inslithe folúis le sraitheanna cosanta curtha i bhfeidhm sa mhonarcha (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil ‘EAD 040011-00-1201’)’ |
| ‘040949-00-1201 | Cláir arna dtáthú le mianraí agus atá déanta as sliseanna adhmaid’ |
| ‘042051-00-0502 | Mataí nádúrtha corcbhunaithe atá le húsáid le haghaidh insliú teirmeach agus insliú fuaime tuairte’ |
| ‘042461-00-1201 | Táirge inslithe theirmigh hidrifileach atá déanta as olann charraige le haghaidh coinneáil uisce i ndíonta glasa agus feidhmeanna comhchosúla’ |
| ‘130089-01-0304 | Adhmad soladach struchtúrtha méarshiúntáilte, fliuchghliúáilte, fuarghliúáilte nó fliuchghliúáilte agus fuarghliúáilte (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil ‘EAD 130089-00-0304’)’ |
| ‘180017-00-0704 | Dúnphoill agus caipíní cinn le haghaidh córais coinneála uisce stoirme dromchla’ |
| ‘210195-00-0404 | Leatháin ríthanaí veiníre cloiche nádúrtha i gcomhair bailchríocha do bhallaí inmheánacha agus seachtracha agus do chlúdaigh dín’ |
| ‘230328-00-0108 | Ceanglóirí biotúmain atá modhnaithe le rubar’ |
| ‘260054-00-0301 | Meascán laghdaithe craptha le haghaidh coincréite’ |
| ‘330284-00-0604-v01 | Athraitheach: Ancairí plaisteacha le haghaidh córais iomarcacha neamhstruchtúracha lena n-úsáid i gcoincréit agus saoirseacht atá neamhchosanta ar dhóiteán’ |
| ‘340376-00-0111 | Córais réamhdhéanta ithreach agus bacainní uisce atá déanta as clóiríd pholaivinile’. |